Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5585/1/26**
**REV 1**

**UEM 33**
***ECB***

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE maidir le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha Eesti Pank<br>– Glacadh |

1. De bhun Airteagal 27.1 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE), déanfaidh iniúchóirí seachtracha neamhspleácha, arna moladh ag Comhairle Rialaithe BCE agus arna bhformheas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, iniúchadh ar chuntais BCE agus bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

2. An 12 Nollaig 2025, mhol Comhairle Rialaithe BCE gur cheart KPMG Baltics OÜ a cheapadh mar iniúchóirí seachtracha Eesti Pank do na blianta airgeadais 2026 go 2030.

3. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh Coiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle an Cinneadh ábhartha, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air in 5107/26, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.